An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Leagan 6.3 Aib. 23

**FOIRM 11 – ACHT NÁISIÚNTACHTA AGUS SAORÁNACHTA ÉIREANN, 1956** **CTZ6**

# Iarratas ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir mionaoisigh, nó ó dhuine atá in loco parentis do mhionaoiseach, is mionaoiseach a rugadh sa Stát agus nach raibh teideal acu chun saoránacht Éireann faoi Alt 6A d'Acht 1956 tráth a mbreithe

**Beidh aon duine a thabharfaidh faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ciontach i gcion faoin Acht agus dlífear fíneáil agus/nó príosúnacht a chur air nó uirthi. Ina theannta sin, féadfaidh sé go mbeidh de thoradh ar fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go ndiúltófar iarratas nó, i gcás ina mbeidh deimhniú eadóirseachta deonaithe, go ndéanfar an deimhniú sin a chúlghairm.**

**Cé dó/di an fhoirm seo?**

- Is ceart duit an fhoirm seo a úsáid má rugadh do leanbh sa Stát tar éis an 1ú Eanáir 2005, agus nach raibh do leanbh i dteideal saoránachta tráth a mbreithe.

**Tabhair do d'aire, le do thoil**

- Má chónaigh tú in Éirinn ar feadh trí bliana de na ceithre bliana roimh bhreith do linbh mionaoise, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar phas do do leanbh go díreach ó oifig na bpasanna. Ceadaigh https://www.dfa.ie/passports-citizenship/how-to-apply-for-a-passport/, le do thoil, le haghaidh mionsonraí.

**Conas an fhoirm seo a chomhlánú:**

- Comhlánaigh an fhoirm seo trí úsáid a bhaint as dúch dubh agus as CEANNLITREACHA, le do thoil, agus cuir tic leis an mbosca iomchuí
- Freagair GACH ceist. Murab infheidhme ceist, cuir isteach "N/I" (i.e. ní infheidhme) mar fhreagra uait. Bain úsáid as dúch dubh agus PRIONTÁIL I mBLOC-CHEANNLITREACHA.
- Cuir líne trí aon earráidí – Ná húsáid leacht ceartaitheach.
- Molaimid duit d'iarratas a sheoladh leis an bPost Cláraithe.
- Is féidir Post Cláraithe a rianú ar shuíomh gréasáin An Post, www.anpost.ie

Má éiríonn le d'iarratas, féadfaidh sé go mbeidh táille **dheimhniúcháin** suas le €200 iníoctha agat; féach leathanach na dtáillí saoránachta ar shuíomh gréasáin Sheachadadh Seirbhíse Inimirce ag https://www.irishimmigration.ie/citizenship/. Má dhiúltaítear d'iarratas, cuirfear an cinneadh in iúl duit agus, más cuí, na cúiseanna leis an diúltú. Níl aon phróiseas achomhairc ann; ach is féidir leat athiarratas a dhéanamh tráth ar bith má chreideann tú go gcomhlíonann tú na critéir.

**Tábhachtach** – Má dhéantar an t-iarratas uait a fhormheas, déanfar Ainm, Náisiúntacht, Dáta Breithe agus Áit Bhreithe do linbh a thaifeadadh ar an deimhniú eadóirseachta. Beidh an fhaisnéis sin mar a bheidh sí luaite agat san iarratas uait. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil na mionsonraí a chuireann tú ar fáil ceart. Ní féidir deimhniú eadóirseachta a leasú.

1. **Tábhachtach – tabhair na pointí seo a leanas do d'aire, le do thoil:**

Is pribhléid agus ní ceart atá san eadóirseacht. Is ar gach iarratasóir atá an dualgas an fhaisnéis agus an fhianaise go léir a nochtadh chun cabhrú lena thaispeáint go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha le haghaidh deimhniú eadóirseachta, lena n-áirítear gur duine dea-charachtair é nó í. Níl oibleagáid ar an Aire fógra roimh ré a thabhairt faoi fhaisnéis dhochrach arb eol don iarratasóir í cheana féin. Má tharlaíonn go dtagann faisnéis dhochrach chun solais le linn an t-iarratas a phróiseáil, ar faisnéis í a bhféadfadh an t-iarratasóir, de réir réasúin, a thuar go bhféadfaí í a chur san áireamh, ní dhéanfaidh an Roinn aon chomhfhreagras leis an iarratasóir ar an ábhar. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh, áfach, sa phróiseas cinnteoireachta.

Is ceart duit a bheith ar an eolas go gceanglaítear le reachtaíocht saoránachta mionsonraí faoi gach duine dá ndeonaítear deimhniú eadóirseachta, lena n-áirítear ainm, seoladh agus dáta eisiúna an deimhnithe eadóirseachta, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil. Is ceanglas dlí é sin, agus níl aon eisceachtaí ann.

Maidir le hiarratais i gcás ina bhfuil cás ar feitheamh ag an iarratasóir sa chóras cúirte, ní phróiseálfar iad go dtí go mbeidh an t-ábhar críochnaithe. Dá bhrí sin, ná cuir iarratas ar eadóirseacht isteach go dtí go mbeidh deireadh leis an gcás.

**Tabhair do d'aire, le do thoil:** Le hAlt 15 (3) d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú, mínítear "iarratasóir", i ndáil le hiarratas ar dheimhniú eadóirseachta ó mhionaoiseach, mar dhuine is tuismitheoir nó caomhnóir an mhionaoisigh nó an duine atá in loco parentis don mhionaoiseach.

**Cuir an fhoirm arna comhlánú go hiomlán, an táille agus na doiciméid riachtanacha uile leis an bpost, le do thoil, chuig:**

Iarratais ar Shaoránacht
An tAonad Clárúcháin
Seachadadh Seirbhíse Inimirce
An Roinn Dlí agus Cirt
Bosca O.P. 73
Baile Thiobraid Árann
Éire
E34 N566

**2. Seiceálaí cónaitheachta ar líne (níl sé seo ag teastáil i leith Saoránach den AE/LEE):**

Tá seiceálaí cónaitheachta ar líne ar fáil chun a chur ar do chumas a sheiceáil an gcomhlíonann tú na coinníollacha cónaitheachta le haghaidh eadóirseachta sula ndéanann tú iarratas. Ceanglaítear ort an Seiceálaí Cónaitheachta ar Líne, atá ar fáil ag www.irishimmigration.ie/citizenship/, a úsáid. Taispeánfaidh sé sin an gcomhlíonann tú na coinníollacha cónaitheachta eadóirseachta agus, mura gcomhlíonann tú iad, cuirfidh sé in iúl cá fhad is ceart duit fanacht sula síníonn tú an Dearbhú Reachtúil agus sula dtaisceann tú an t-iarratas. Ceanglaítear ort cóip den toradh a phriontáil agus í a chur isteach le d'iarratas. Mura mbeidh an chónaitheacht iomlán is gá ag iarratasóir tráth déanta an iarratais is féidir a mheas a n-iarratas a bheith neamhcháilithe. Tá táille iarratais €175 ag teastáil i leith gach iarratais, agus ní féidir iarratais neamhcháilithe a aisíoc. Déantar cónaitheacht a ríomh siar ó dháta déanta an iarratais, arb é atá ann an dáta ar shínigh tú an Dearbhú Reachtúil ar an bhfoirm iarratais.

**Dearbhú Reachtúil**

Is éard is Dearbhú Reachtúil ann Ráiteas i scríbhinn arna dhearbhú agatsa, i láthair finné údaraithe, é a bheith fíor. Is finné údaraithe aturnae nó coimisinéir mionnaí nó nótaire poiblí nó feidhmeannach síochána. Tríd an Dearbhú sin a shíniú tá tú á rá go dtuigeann tú an fhoirm iarratais agus go bhfuil na fíorais a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol duit.

Is ceart duitse boscaí A1, A2 agus A3 a chomhlánú agus is ceart do d'fhinné údaraithe boscaí W1, W2, W3 (W3.0, W3.1, W3.21, W3.22, W3.23, W3.24 nó W3.25), W4, W5, W6, W7 agus W8 a chomhlánú.

**Tábhachtach:** Nuair a bheidh an Dearbhú Reachtúil á chomhlánú agat, **priontáil d'ainm iomlán go soiléir** mar a luaigh tú é i roinn 1 den fhoirm seo. Cinntigh go síníonn agus go ndátaíonn tú an Dearbhú Reachtúil i láthair an fhinné údaraithe agus go síníonn agus go ndátaíonn an finné údaraithe é i do láthairse. Sula gcuireann tú an t-iarratas leis an bpost, **seiceáil gurb ionann na dátaí**. CINNTIGH go bhfuil tic curtha sa bhosca iomchuí ag an bhfinné údaraithe lena dtaispeántar **conas a rinne an finné údaraithe tú a shainaithint**. Más rud é gur chuir tú tú féin in aithne don fhinné údaraithe trí dhoiciméad aitheantais (ar nós pas) a thíolacadh, ní foláir duit cóip dheimhnithe den doiciméad sin a chur ar fáil le d'iarratas.

## Fógra faoi phríobháideachas sonraí

1. Bailíonn Seachadadh Seirbhíse Inimirce (SSI), cuid den Roinn Dlí agus Cirt, na sonraí a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo. Is í an Roinn Dlí agus Cirt an rialaitheoir sonraí i leith na faisnéise a chuireann tú ar fáil. Is iad mionsonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: An Rannán Saoránachta, Seachadadh Seirbhíse Inimirce, an Roinn Dlí agus Cirt, 13 - 14 Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 XK70.

2. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Roinn Dlí agus Cirt trí scríobh chuig:

An tOifigeach Cosanta Sonraí, an Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, D02 HK52. Nó le ríomhphost – dataprotectioncompliance@justice.ie

3. Bainfimid úsáid as na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo chun na gcríoch seo a leanas:

    1. Measúnacht a dhéanamh ar do cháilitheacht le haghaidh an iarratais seo
    2. Do chéannacht a fhíorú

4. Bailímid agus próiseálaimid na sonraí sin chun ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh nó chun tascanna a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Seo a leanas an bonn sonrach atá leis na sonraí seo a bhailiú agus a phróiseáil:

    1. Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú, (Cuid III) Eadóirseacht.
    2. Chun feidhm an Aire Dlí agus Cirt arna hainmniú san Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 (arna leasú), a chomhlíonadh {is é sin, deimhniú eadóirseachta a dheonú d’iarratasóirí a chomhlíonann na coinníollacha reachtúla, arna leagan amach in Alt 15 d’Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú}
    3. Tá d’oibleagáid orainn na sonraí sin a bhailiú agus a phróiseáil chun tasc lena gcomhalltar leas tábhachtach poiblí a dhéanamh. Áirítear sa leas poiblí oibriú éifeachtach éifeachtúil sheirbhísí inimirce na hÉireann a chinntiú.
    4. Chun iomláine an phróisis inimirce a chosaint agus chun a chinntiú go gcomhlíontar forálacha reachtúla Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956.

5. Déanfar na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil anseo a stóráil go slán sábháilte i mbunachair shonraí Sheachadadh Seirbhíse Inimirce agus i mbunachair shonraí Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána. Féadfar na sonraí a roinnt, más gá, leis na tríú páirtithe seo a leanas:

    1. An Roinn Gnóthaí Eachtracha
    2. An Garda Síochána / Gníomhaireacht Teorann na Ríochta Aontaithe
    3. An Roinn Coimirce Sóisialaí
    4. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
    5. Seirbhísí Sláinte, TUSLA, Ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais.

6. Féadfar na sonraí seo a choimeád go dtí gur féidir le Seachadadh Seirbhíse Inimirce a bheith cinnte nach mbeidh a thuilleadh teagmhála agat leis na seirbhísí inimirce. Is tréimhse neamhchinntithe í sin ós rud é go bhféadfaidh sé go mbeidh saol iomlán i do stair inimirce sa Stát.

7. Tá na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm seo ag teastáil uainn chun a chinneadh an gcomhlíonann tú na critéir don scéim seo. Mura gcuireann tú na sonraí seo ar fáil, ní féidir d'iarratas ar an scéim seo a phróiseáil.

8. Tá de cheart agat rochtain a iarraidh ar do chuid sonraí pearsanta a phróiseálaimid, agus cóip díobh a iarraidh. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí Fhoirm Iarrata ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a chomhlánú, ar foirm í atá ar fáil ag www.justice.ie, agus í a chur ar aghaidh chuig subjectaccessrequests@justice.ie. Féadfaidh sé go gceanglófar ort do chéannacht a fhíorú sula gcuirfimid an fhaisnéis chugat.

9. Tá de cheart agat a iarraidh orainn aon earráidí i do shonraí a cheartú nó do shonraí a scriosadh, chomh maith le srian a lorg ar phróiseáil do shonraí nó agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí in imthosca áirithe. Chun é sin a dhéanamh, is ceart duit scríobh chuig an Rannán Saoránachta, Seachadadh Seirbhíse Inimirce, an Roinn Dlí agus Cirt, 13 - 14 Cé an Bhúrcaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 XK70, á mhíniú cad iad na hearráidí is gá a cheartú nó a scriosadh nó na cúiseanna atá agat le srianadh na próiseála a lorg nó le hagóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála.

10. Tá ceart agat chun gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má chreideann tú go bhfuil do chuid sonraí pearsanta á bpróiseáil go neamhdhleathach againn. Is féidir faisnéis faoin tslí le gearán a dhéanamh a fháil ar www.dataprotection.ie.

---

Admhaím gur léigh agus gur thuig mé an fhaisnéis atá leagtha amach thuas maidir le mo chearta cosanta sonraí.

Ainm ______________________________

Síniú ______________________________ Dáta ____________________

## Toiliú tuismitheora

Má tá do leanbh 16 bliana d'aois nó níos mó ar dháta déanta d'iarratais thar a gceann, déanfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán ar do leanbh. Comhlánaigh an toiliú seo a leanas, le do thoil.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfaightear tuarascálacha ón nGarda Síochána agus go bhféadfar tuarascálacha a fháil ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí eile. I gcás ina loicfear aon ábhar ábhartha a nochtadh, rachaidh sé chun dochair don iarratas seo agus féadfaidh sé difear a dhéanamh d'iarratais amach anseo go ceann suas le 10 mbliana. Fiú amháin mura gcreideann tú gur ábhar ábhartha atá in ábhar, nó má chreideann tú gur ábhar "spíonta" atá in ábhar, tá sé tábhachtach é a nochtadh.

**Ainm an linbh** (arna thaispeáint sa phas) ________________________________________

**An eol duit aon fhaisnéis ar ceart gurb eol don Aire í i gcomhthéacs teacht ar bhreithiúnas maidir le dea-charachtar an iarratasóra mionaoise? Más eol, cuir mionsonraí ar fáil thíos, le do thoil, agus lean ar aghaidh ar dhuilleog ar leithligh más gá.**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Tugaimse [Priontáil d'Ainm]

is Tuismitheoir / Caomhnóir an duine lena mbaineann na mionsonraí thuas, toiliú chun an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin do dhéanamh grinnfhiosrúcháin i leith an mhionaoisigh thuasainmnithe de réir na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016.

**Síniú an Tuismitheora / an Chaomhnóra** [ ]

**Dáta** L L / M M / B B B B

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Leagan 6.3 Aib. 23

**Foirm 11 – Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956** **FOIRM CTZ6**

# Iarratas ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir mionaoisigh, nó ó dhuine atá in loco parentis do mhionaoiseach, is mionaoiseach a rugadh sa Stát agus nach raibh teideal acu chun saoránacht Éireann faoi Alt 6A d'Acht 1956 tráth a mbreithe

Tabhair do d'aire, le do thoil, sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm:
Cinntigh go bhfuil an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil fíor, ceart agus iomlán. RABHADH:
Is cion é freagra neamhfhírinneach a thabhairt san fhoirm seo.

Foráiltear le hAlt 29A d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú, go mbeidh aon duine a dhéanfaidh, go feasach nó go meargánta, dearbhú faoin Acht seo, nó ráiteas chun críocha aon iarratais faoin Acht seo, ar dearbhú nó ráiteas é atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, ciontach i gcion agus go ndlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, nó, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Féadfar deimhniú eadóirseachta a chúlghairm má fuarthas an deimhniú trí chalaois, trí mhífhaisnéis (cibé acu neamhurchóideach nó calaoiseach), nó trí fhíorais ábhartha a cheilt.

- Bain úsáid as dúch dubh agus PRIONTÁIL I mBLOC-CHEANNLITREACHA.
- Cuir líne trí aon earráidí – Ná húsáid leacht ceartaitheach.
- Freagair GACH ceist. Murab infheidhme ceist, cuir isteach "N/I" (i.e. ní infheidhme) mar fhreagra uait.

## Roinn 1 Mionsonraí tuismitheora / caomhnóra

Sa roinn seo, beidh ort roinnt mionsonraí pearsanta a chur ar fáil fút féin mar an duine atá ag déanamh an iarratais.

**1.1** Túsainm(neacha) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**1.2** Sloinne (sloinnte) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**1.3** Ainmneacha roimhe seo

**1.4** Má d'athraigh tú d'ainm, mínigh cén fáth, le do thoil: (beidh ort doiciméid a chur ar fáil)

**1.5** An dáta ar athraigh tú go dtí an t-ainm reatha

L L / M M / B B B B

**1.6** Áit bhreithe

**1.7** Tír bhreithe

**1.8** Dáta breithe

L L / M M / B B B B

**1.9** Inscne

☐ Fireann ☐ Baineann ☐ Eile

**1.10** Náisiúntacht faoi láthair

**1.11** Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí

**1.12** Uimhir chlárúcháin

**1.13** Uimhir aitheanta duine

Cuir fótachóip dheimhnithe ar fáil den Fhoirm Fhada de do Dheimhniú Breithe Sibhialta, le do thoil.
Mura bhfuil do dheimhniú breithe agat, ní foláir duit é a fháil sula dtaisctear an t-iarratas seo.

## Roinn 2 Mionsonraí an mhionaoisigh a rugadh sa Stát

Sa roinn seo, beidh ort roinnt mionsonraí a chur ar fáil faoin duine (do leanbh) a bhfuil tú ag déanamh an iarratais thar a cheann nó a ceann.

**2.1** Túsainm(neacha) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**2.2** Sloinne (sloinnte) (arna thaispeáint/dtaispeáint sa phas)

**2.3** Ainm iomlán an athar

**2.4** Ainm iomlán na máthar

**2.5** Sloinne breithe na máthar

**2.5** Dáta breithe an mhionaoisigh

L L / M M / B B B B

**2.6** Inscne an mhionaoisigh

☐ Fireann ☐ Baineann ☐ Eile

**2.5** Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (má eisíodh ceann chuig do leanbh)

## Roinn 3 Seoladh cónaithe (tuismitheoir/caomhnóir agus mionaoiseach)

Sa roinn seo, beidh ort mionsonraí a chur ar fáil faoin seoladh reatha ag a bhfuil cónaí ortsa agus ar do leanbh.

**3.1** Seoladh reatha

Éirchód

An dáta ar thosaigh tú ag cónaí ag an seoladh seo

L L / M M / B B B B

**3.2** Do sheoladh ríomhphoist

**3.3** Teileafón (i gcaitheamh an lae)

**3.4** Teileafón (tráthnóna)

**3.5** Teileafón (soghluaiste)

## Roinn 4 Seoltaí roimhe seo (tuismitheoir/caomhnóir agus mionaoiseach)

Sa roinn seo, beidh ort mionsonraí a chur ar fáil faoi do sheoltaí UILE le 9 mbliana anuas, sa Stát agus lasmuigh den Stát araon, ag tosú leis an seoladh is déanaí.

| Seoladh | Tír | Ó (dáta) | Go (dáta) |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Lean ar aghaidh ar dhuilleog ar leithligh más gá.

## Roinn 5 Ceadanna cónaitheachta (tuismitheoir / caomhnóir)

Sa roinn seo, beidh ort mionsonraí a chur ar fáil faoi do cheadanna chun cónaí sa Stát.

**5.1** An dáta ar tháinig tú isteach in Éirinn:

| L | L | / | M | M | / | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**5.2** Uimhir phas:

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**5.3**
**Déantar coinníollacha reachtúla cónaitheachta a fhorordú in Alt 15 agus Alt 15A d'Acht 1956 agus déantar comhlíonadh na gcoinníollacha sin a mheasúnú ar bhonn do chónaitheachta dlíthiúla ináirithe díreach roimh dháta déanta an iarratais, i.e. an dáta a síníonn tú an Dearbhú Reachtúil i ndeireadh na foirme seo.**

Is ceart aon bhliain amháin cónaitheachta leanúnaí ináirithe a bheith agat sa bhliain díreach roimh dháta an iarratais agus 4 bliana cónaithe sa Stát san iomlán le linn na 8 mbliana díreach roimh an tréimhse sin – i.e. 5 x 365 lá (366 lá i mbliain bhisigh).

Tá Áireamhán cónaitheachta curtha ar fáil ar roinn na Saoránachta ag https://www.irishimmigration.ie/citizenship/ mar threoir chun cuidiú leat a sheiceáil an gcomhlíonann tú na coinníollacha reachtúla i leith cónaitheachta. Is ceart duit do chuid ceadanna, arna bhfianú i do phas nó sa litir a d'eisigh an Roinn Dlí agus Cirt agus inar deonaíodh cead duit go dáta sonraithe, a thaifeadadh.
Ach do chuid ceadanna a thaifeadadh i gceart cuirfear ar do chumas a fhíorú go gcomhlíonann tú ceanglais chónaitheachta.

Ní foláir duit cóip den tuarascáil a phriontáil agus í a chur leis an iarratas seo.
Mura ndéanfaidh tú amhlaidh, measfar d'iarratas a bheith neamhcháilithe.

Tá mo chuid stampaí ceada cónaitheachta taifeadta agam sa seiceálaí cónaitheachta ar líne agus táim á dheimhniú go gcomhlíonaim na coinníollacha cónaitheachta:

Tá ☐ Níl ☐

**5.4** Ar chun críocha staidéir í aon chuid de do chuid ama sa Stát sna naoi mbliana roimh d'iarratas?

Ba chuige sin cuid de ☐ Níor chuige sin aon chuid de ☐

Más chun críocha staidéir í aon chuid de do chuid ama sa Stát sna naoi mbliana roimh d'iarratas, comhlánaigh na mionsonraí thíos, le do thoil:

| Ó | Go | Ainm agus Seoladh na Scoile/an Choláiste/na hOllscoile |
|---|---|---|
| | | |

**5.5** Ar caitheadh aon chuid de do chuid ama sa Stát sna naoi mbliana roimh d'iarratas mar iarrthóir tearmainn?

Caitheadh ☐ Níor caitheadh ☐

Má caitheadh aon chuid de do chuid ama sa Stát le naoi mbliana anuas mar iarrthóir tearmainn, comhlánaigh na mionsonraí thíos, le do thoil:

| **Ó** | **Go** | **Toradh** | **Stádas Reatha** | **Uimhir Thagartha** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cuir cóip ar fáil, le do thoil, den litir lena ndeimhnítear Stádas Dídeanaí, más cuí

## Roinn 5A Mionsonraí cónaitheachta i leith an mhionaoisigh a rugadh sa Stát

Sa roinn seo, beidh ort a dhearbhú an raibh cónaí ar do leanbh sa Stát ó rugadh iad, agus mura raibh, cuir mionsonraí ar fáil faoi na tréimhsí ama nuair a bhí cónaí orthu lasmuigh den Stát.

**5.6** An raibh cónaí ar do leanbh sa Stát ó rugadh an leanbh?

Bhí ☐ Ní raibh ☐

Mura raibh, tabhair mionsonraí faoi na tréimhsí neamhchónaithe go léir:

| Ó | Go | An chúis |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

## Roinn 6 — Cónaí tar éis eadóirsiú an mhionaoisigh (Ná cuir tic ach le bosca amháin)

Sa roinn seo, beidh ort a dhearbhú an bhfuil ar intinn agat cónaí sa Stát tar éis eadóirsiú do linbh (má éiríonn leis sin).

**6.1** An bhfuil ar intinn agat, tar éis eadóirsithe, do ghnátháit nó do phríomháit chónaithe a bheith agat sa Stát?

Tá ☐ Níl ☐

**6.2** Má d'fhreagair tú 'Níl' le ceist 6.1, cuir an tír in iúl a bhfuil ar intinn agat cónaí inti tar éis eadóirsithe, le do thoil:

☐

## Roinn 7 — Mionsonraí do thuismitheoirí (Seantuismitheoirí an mhionaoisigh) agus leanaí

Sa roinn seo, beidh ort faisnéis a chur ar fáil faoi **do thuismitheoiríse**, agus faoi aon leanaí eile a fhéadfaidh a bheith agat.

**7.1** Comhlánaigh na mionsonraí thíos, le do thoil, i leith do mháthar agus d'athar:

| | Ainm iomlán | Sloinne breithe (murab ionann é agus an sloinne san ainm iomlán sin) | Dáta Breithe | Áit agus tír bhreithe | Náisiúntacht faoi láthair |
|---|---|---|---|---|---|
| Máthair: | | | | | |
| Athair: | | | | | |

**7.2** Comhlánaigh na mionsonraí thíos, le do thoil, i leith do chlainne uile

| Ainm iomlán | Inscne | Áit chónaithe an linbh | Dáta Breithe | Áit agus Tír Bhreithe | Náisiúntacht faoi láthair |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

## Roinn 8 Acmhainn chothaithe (tuismitheoir / caomhnóir)

Sa roinn seo, beidh ort faisnéis a chur ar fáil faoi d'fhoinse/d'fhoinsí ioncaim / d'acmhainn chothaithe.

**8.1** An bhfuil tú:

Fostaithe ☐ Féinfhostaithe ☐ Ar scor ☐ I mbun staidéir ☐ Dífhostaithe ☐ Eile ☐

**8.2** Má shonraigh tú "Eile" thuas, mínigh, le do thoil, agus tabhair mionsonraí faoi na foinsí ioncaim go léir atá agat:

**8.3** Má tá tú i bhfostaíocht, tabhair ainm agus seoladh iomlán d'fhostóra, le do thoil, nó má tá tú féinfhostaithe, i do chomhpháirtí do chuideachta nó i do stiúrthóir ar chuideachta, cuir an t-ainm agus an seoladh ar fáil a úsáidtear le haghaidh gnó, le do thoil:

**8.4** Cuir mionsonraí ar fáil faoi d'fhostaíocht(aí), más ann, le 5 bliana anuas, le do thoil:

| Ó: | Go: | Post/Ról: | Fostóir: |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**8.5** An bhfuair tú íocaíocht Cúnaimh Shóisialaigh nó tacaíocht eile stáit le 3 bliana anuas?

Fuair ☐ Ní bhfuair ☐

**8.6** Má d'fhreagair tú 'Fuair' le ceist 8.5, tabhair, le do thoil:

| An Cineál Íocaíochta / Tacaíochta: | Ó : | Go : | An chúis a bhí le Tacaíocht Leasa Shóisialaigh a fháil: |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## Roinn 9 Iarratais roimhe seo

Sa roinn seo, beidh ort faisnéis a chur ar fáil faoi aon iarratais a rinne tú roimhe seo ar do shon féin nó ar son do linbh.

**9.1** An ndearna tú iarratas ar shaoránacht Éireann as do cheart féin roimhe seo?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Má d'fhreagair tú 'Rinne' le ceist 9.1, tabhair, le do thoil:

**9.2** Dáta déanta an iarratais:

| L | L | / | M | M | / | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**9.3** Uimhir thagartha an iarratais

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**9.4** An raibh iarratas roimhe seo ar Eadóirseacht ann thar ceann do linbh mhionaoisigh a rugadh sa Stát?

Bhí ☐ Ní raibh ☐

Má d'fhreagair tú 'Bhí' le ceist 9.4, tabhair, le do thoil:

**9.5** Dáta déanta an iarratais:

| L | L | / | M | M | / | B | B | B | B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**9.6** Uimhir thagartha an iarratais

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

## Roinn 10 Cúlra (tuismitheoir / caomhnóir)

Sa roinn seo, beidh ort faisnéis chúlra a chur ar fáil fút féin.

**10.1** An ndearna tú aon chionta riamh in aghaidh dhlíthe na hÉireann nó aon tíre thar lear?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

**10.2** An ndearna tú calaois riamh ar aon duine, ar aon chuideachta nó ar aon ghníomhaireacht stáit le haghaidh gnóthachan airgeadais nó eile?

Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Má d'fhreagair tú 'Rinne' le ceist 10.1 nó 10.2, cuir mionsonraí ar fáil thíos.
Tabhair do d'aire, le do thoil, nach foláir duit GACH cion a nochtadh, fiú amháin cionta a bhfuair tú sochar an Achta Promhaidh ina leith nó a measann tú nach cionta iomchuí iad nó gur cionta spíonta iad.

**10.3** An bhfuil aon chiontuithe sa Stát nó in aon tír eile (lena n-áirítear cionta tráchta) agat nó aon bhreithiúnais shibhialta tugtha i do choinne?

Tá ☐ Níl ☐

Má d'fhreagair tú 'Tá' le 10.3, freagair ceisteanna 10.4 agus 10.5, le do thoil. Má tá níos mó ná cás amháin ann, cuir mionsonraí ar fáil thíos.

**10.4** Dáta an chiontaithe nó an bhreithiúnais:

| | | |
|---|---|---|
| | | |

**10.5** An áit inar tharla an ciontú nó an breithiúnas agus an toradh a bhí air:

| |
|---|
| |

Ní foláir duit fianaise a chur leis an iarratas seo go bhfuil aon fhíneálacha a toibhíodh ort íoctha agat.

**10.6** An ndearnadh tú a chúiseamh/a dhíotáil riamh laistigh nó lasmuigh den Stát i gcion coiriúil nár triaileadh thú ina leith go fóill sa chúirt?

Rinneadh ☐ Ní dhearnadh ☐

| | | |
|---|---|---|
| **10.7** An bhfuil tú, nó an raibh tú, i d'ábhar d'imscrúdú in Éirinn ag AN nGARDA SÍOCHÁNA (Póilíní na hÉireann), lena n-áirítear i gcás nár cúisíodh thú in aon chion? Tabhair mionsonraí thíos. | Táim/Bhí mé ☐ | Nílim/Ní raibh mé ☐ |
| **10.8** An raibh baint agat riamh, nó an raibh tú faoi amhras go raibh baint agat, le coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh na daonnachta nó cinedhíothú? | Bhí ☐ | Ní raibh ☐ |
| **10.9** An raibh baint agat riamh le heagraíocht sceimhlitheoireachta nó an raibh tú riamh i do bhall d'eagraíocht sceimhlitheoireachta nó ar thug tú tacaíocht riamh d'eagraíocht sceimhlitheoireachta; nó an raibh baint agat riamh le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta nó ar thacaigh tú riamh le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta le hairgead nó ar shlí eile, nó ar spreag tú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta riamh? | Bhí/ Thug/ Thacaigh/ Spreag ☐ | Ní raibh/ Níor thug/ Níor thacaigh/ Níor spreag ☐ |
| **10.10** An ndearna tú, trí mheán ar bith, tuairimí a chur in iúl riamh a chosnaíonn nó a thugann adhmholadh d'fhoréigean sceimhlitheoireachta nó a fhéadfaidh daoine eile a spreagadh chun gníomhartha sceimhlitheoireachta nó gníomhartha tromchúiseacha coiriúla eile a dhéanamh? | Rinne mé ☐ | Ní dhearna mé ☐ |
| **10.11** Ar ghlac tú páirt riamh in aon ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh a chur in iúl nach féidir a mheas gur duine dea-charachtair tú? Mar shampla, ábhair dhlí teaghlaigh | Ghlac mé ☐ | Níor ghlac mé ☐ |

Má d'fhreagair tú 'Rinneadh' le ceist 10.6, 'Táim'/'Bhí mé' le 10.7, 'Bhí' le 10.8, 'Bhí'/'Thug'/'Thacaigh'/'Spreag' le 10.9, 'Rinne mé' le 10.10 nó 'Ghlac mé' le 10.11, cuir mionsonraí ar fáil, le do thoil, sa roinn le haghaidh mionsonraí breise. Féadfaidh tú an roinn sin a úsáid, freisin, chun mionsonraí a thabhairt i ndáil le ceisteanna 10.1 – 10.5.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfaightear tuarascálacha ón nGarda Síochána agus go bhféadfar tuarascálacha a fháil ó Ranna Rialtais eile agus ó ghníomhaireachtaí eile. I gcás ina loicfear aon ábhar ábhartha a nochtadh, beidh dearbhú bréagach déanta agat, a rachaidh chun dochair don iarratas seo agus a fhéadfaidh difear a dhéanamh d'iarratais amach anseo go ceann suas le 10 mbliana. Fiú amháin mura gcreideann tú gur ábhar ábhartha atá in ábhar, nó má chreideann tú gur ábhar "spíonta" atá in ábhar, tá sé tábhachtach é a nochtadh.

Mionsonraí Breise

## Roinn 11 Teistiméireachtaí (tuismitheoir / caomhnóir)

Ainm mholtóir 1:

Náisiúntacht faoi

Seoladh an mholtóra:

Dáta breithe agus tír bhreithe an mholtóra:

An t-achar a bhfuil aithne ag an moltóir ar an iarratasóir:

Síniú an mholtóra:

Uimhir theagmhála don mholtóir:

Ainm mholtóir 2:

Náisiúntacht faoi láthair:

Seoladh an mholtóra:

Dáta breithe agus tír bhreithe an mholtóra:

An t-achar a bhfuil aithne ag an moltóir ar an iarratasóir:

Síniú an mholtóra:

Uimhir theagmhála don mholtóir:

Ainm mholtóir 3:

Náisiúntacht faoi láthair:

Seoladh an mholtóra:

Dáta breithe agus tír bhreithe an mholtóra:

An t-achar a bhfuil aithne ag an moltóir ar an iarratasóir:

Síniú an mholtóra:

Uimhir theagmhála don mholtóir:

## Dearbhú Reachtúil:

LE COMHLÁNÚ AG AN IARRATASÓIR I LÁTHAIR AN FHINNÉ

Dearbhaímse [Ainm Iomlán an Iarratasóra A1] , go sollúnta agus go fíreata go bhfuil na mionsonraí sin roimhe seo a luaitear san iarratas seo fíor, agus déanaim an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, arna leasú leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008.

**Arna shíniú:** [Síniú an Iarratasóra A2] **Dáta:** [Dáta Fianaithe A3]

LE COMHLÁNÚ AG AN bhFINNÉ

Arna dhearbhú os mo chomhairse [Ainm an Fhinné í W1] **[nótaire poiblí] [coimisinéir mionnaí]** **[aturnae] [feidhmeannach síochána] [duine dá n-údaraítear le** [Cuir isteach an Fhoráil Reachtúil Údarúcháin W2] **chun dearbhuithe reachtúla a thógáil agus a ghlacadh] ag an iarratasóir thuasainmnithe**

AN FINNÉ LENA DHAINGNIÚ CÉN ROGHA IS INFHEIDHME

☐ **[a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi]**

**NÓ**

☐ **[a cuireadh in aithne dom ag** [Ainm W3.1] **, a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi],**

**NÓ**

**[ar suíodh a chéannacht/céannacht dom sular tógadh an Dearbhú seo tríd an ní seo a leanas a thabhairt ar aird dom:**

☐ **pas uimh.** [Uimhir Phas W3.21] **arna eisiúint ar** [Dáta Eisiúna W3.21] **ag údaráis** [Stát Eisiúna W3.21] **, ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann.**

**NÓ**

☐ **cárta aitheantais náisiúnta uimh.** [Uimhir an Chárta Aitheantais W3.22] **arna eisiúint ar** [Dáta eisiúna W3.22] **ag údaráis** [Stát Eisiúna W3.22] **, ar Ballstát den AE é, Cónaidhm na hEilvéise nó páirtí Conarthach i gComhaontú LEE.**

**NÓ**

☐ **pas eachtrannach uimh. (doiciméad is comhionann le pas)** [Uimhir Phas W3.23] **arna eisiúint ar** [Dáta Eisiúna W3.23] **ag údaráis,** [Stát Eisiúna W3.23] **ar údarás é atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann**

**NÓ**

☐ **doiciméad taistil dídeanaí uimh.** [Uimhir an Doiciméid W3.24] **arna eisiúint ar** [Dáta Eisiúna W3.24] **ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

**NÓ**

☐ **doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí)** [Uimhir an Doiciméid W3.25] **arna eisiúint ar** [Dáta Eisiúna W3.25] **ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

**TABHAIR DO d'AIRE: Mar Fhinné ar Shíniú an Iarratasóra, cinntigh, le do thoil, go bhfuil an dáta ceart taifeadta thuas ag an Iarratasóir, ar dáta é ar ceart gurb ionann é agus an dáta a thaifeadann tú thíos.**

**I(n)/Sa(n)** [Ionad an tSínithe W4] **an** [Lá W4] **lá seo de** [Mí agus Bliain W4]

LE COMHLÁNÚ AG AN bhFINNÉ

**Síniú an Fhinné:** [W5]

**Ainm an Fhinné: (Ceannlitreacha)** [W6]

**Seoladh an Fhinné:** [W7]

**Uimhir Theileafóin le húsáid i gcaitheamh an lae:** [W8]

## Seicliosta

Cinntigh, le do thoil, go gcuirtear gach ceann de na doiciméid riachtanacha le d'iarratas. Is ceart fótachóipeanna de dheimhnithe a bheith deimhnithe a bheith ina gcóipeanna dílse de na deimhnithe bunaidh. Mura mbeidh an fhoirm comhlánaithe go hiomlán nó mura mbeidh an dearbhú reachtúil comhlánaithe i gceart, diúltófar d'iarratas mar nach mbeidh na ceanglais iarratais faoi Alt 17 d'Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956, arna leasú, comhlíonta agus ní aisíocfar do tháille iarratais.

| Tuairisc an doiciméid | Cuir tic leis ✓ má tá sé curtha isteach |
|---|---|
| **Táille iarratais reachtúil** | |
| Táille iarratais reachtúil €175, i bhfoirm Dréachta Baincéara amháin agus é iníoctha leis an **Ard-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt**. Níl seiceanna pearsanta nó gnó inghlactha. Is táille neamh-inaisíoctha í an táille sin agus is gá í a íoc ar gach iarratas ar dheimhniú eadóirseachta. | |
| **Doiciméid aitheantais** | |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** den leathanach bithmhéadrach de do phas neamhchaite reatha. Ní foláir an chóip dhaite a bheith deimhnithe ag aturnae, coimisinéir mionnaí, feidhmeannach síochána nó nótaire poiblí. | |
| Cóip dheimhnithe de do dheimhniú breithe sibhialta bunaidh agus cóip d'aistriúchán go Béarla má tá an deimhniú i dteanga seachas Béarla nó Gaeilge. | |
| Cóip de do Chead Cónaithe Éireannach (CCÉ) reatha arna eisiúint ag Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána (BNIGS) nó ag Seachadadh Seirbhíse Inimirce (SSI), de réir mar is cuí (i gcás inarb infheidhme) | |
| **Cóip dhaite dheimhnithe** den leathanach bithmhéadrach de phas neamhchaite reatha do linbh. Ní foláir an chóip dhaite a bheith deimhnithe ag aturnae, coimisinéir mionnaí, feidhmeannach síochána nó nótaire poiblí. | |
| Fótachóip de Dheimhniú Breithe Sibhialta bunaidh do linbh a rugadh in Éirinn, ar fótachóip í a mbeidh deimhnithe ag nótaire poiblí, coimisinéir mionnaí, feidhmeannach síochána nó aturnae a bheith ina cóip dhílis den deimhniú bunaidh. | |
| Dhá ghrianghraf pas dhaite de do leanbh arna nglacadh laistigh de 30 lá ó dháta déanta an iarratais.<br>Scríobh Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí do linbh ar chúl na ngrianghraf, le do thoil. | |
| **Cónaitheacht** | |
| Cóip den litir lena ndeimhnítear stádas dídeanaí do linbh, más cuí | |
| Cóipeanna bunaidh (in ionad fótachóipeanna) de litreacha scoile ó gach ceann de na scoileanna ar ar fhreastail do leanbh suas go dáta déanta an iarratais. Ní foláir dátaí rollaithe, tréimhsí freastail agus an líon laethanta ar fhreastail sé nó sí i ngach scoilbhliain a thaispeáint sna litreacha scoile. | |
| Trí chruthúnas éagsúla ar chónaí i leith gach bliana cónaithe a mhaítear. Féach an treoir mhionsonraithe thíos i gcomhair cruthúnas inghlactha ar chónaí. | |
| Má tá tú i bhfostaíocht, litir ó d'fhostóir reatha ina dtaispeántar an dáta ar thosaigh tú ag obair do d'fhostóir, cóipeanna de 3 dhuillín pá arna bhfáil le déanaí (le 6 mhí anuas) agus cóipeanna de do P60 nó ráiteas cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith | |

| | |
|---|---|
| cónaithe a mhaítear. | |
| Cóip de do sheiceálaí cónaitheachta ar líne arna chomhlánú. Níl sé sin ag teastáil i gcás saoránach den AE/LEE. | |
| **Má d'fhreastail do leanbh ar scoil in Éirinn ar feadh níos lú ná trí bliana** | |
| Litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina luaitear go bhfuil tú ag fáil sochar linbh i leith do linbh, agus an dáta ar tosaíodh an íocaíocht **AGUS** | |
| Litir ó do dhochtúir ina luaitear go bhfuil do leanbh cláraithe leis an gcleachtas, an dáta ar cláraíodh do leanbh den chéad uair agus na dátaí ar fhreastail do leanbh ar an gclinic, lena n-áirítear Taifead Imdhíonta Othair do linbh, más infheidhme | |
| **Má tá do leanbh 16 bliana d'aois nó níos sine ar dháta déanta an iarratais** | |
| Cinntigh, le do thoil, go bhfuil an fhoirm Toilithe Tuismitheora / Caomhnóra comhlánaithe agat | |
| **Cinntigh, le do thoil:** | |
| Go bhfuil an dearbhú lena ndeimhnítear gur léigh agus gur thuig tú an fhaisnéis a bhaineann le do chearta cosanta sonraí comhlánaithe agat. | |
| Go bhfuil na ceisteanna go léir san fhoirm seo freagartha agat | |
| Go bhfuil an Táille Reachtúil Phróiseála Iarratais €175 curtha isteach agat | |
| Go bhfuil gach fótachóip de dheimhnithe deimhnithe, i.e. stampáilte agus sínithe í a bheith ina "cóip dhílis den deimhniú bunaidh" ag aturnae, coimisinéir mionnaí, nótaire poiblí nó feidhmeannach síochána | |
| Go bhfuil cóipeanna d'aistriúcháin dheimhnithe d'aon doiciméid atá i dteanga seachas Béarla nó Gaeilge curtha isteach agat | |
| Go bhfuil an Dearbhú Reachtúil comhlánaithe i gceart, i.e. go bhfuil d'ainm iomlán scríofa agat i mbosca A1, agus go bhfuil an fhoirm i mboscaí A2 agus A3 sínithe agus dátaithe agat i láthair an fhinné údaraithe ar aturnae nó coimisinéir mionnaí nó nótaire poiblí nó feidhmeannach síochána iad. Seiceáil go bhfuil an dáta ceart taifeadta agatsa agus ag an bhfinné údaraithe araon. Má tá an Dearbhú Reachtúil mícheart diúltófar d'iarratas agus ní aisíocfar an táille iarratais. | |

**Tabhair do d'aire maidir le cóipeanna agus cóipeanna deimhnithe:**

- I gcás ina n-éilítear cóip dheimhnithe, ní foláir duit do dheimhnithe bunaidh/do dhoiciméid bhunaidh a thabhairt chuig d'aturnae, nó chuig nótaire poiblí, coimisinéir mionnaí nó feidhmeannach síochána, agus iarraidh orthu fótachóip a dhéanamh de gach doiciméad agus a dheimhniú gur cóip dhílis den doiciméad bunaidh í, i.e. í a stampáil agus a shíniú í a bheith ina "Cóip dhílis den doiciméad bunaidh".

- Más rud é nach bhfuil deimhnithe/doiciméid i mBéarla nó i nGaeilge, tá aistriúchán arna dhéanamh ag aistritheoir gairmiúil ag teastáil. Ní foláir cóip den aistriúchán, chomh maith leis an gcóip den doiciméad bunaidh, a chur ar fáil. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfaidh sé go bhféachfaimid le barántúlacht doiciméad a chuirtear isteach a shuíomh le húdaráis na tíre eisiúna.

* Ceanglaítear ar dhaoine a bhfuil iarratas ar dheimhniú eadóirseachta á dhéanamh acu fianaise shásúil a chur ar fáil ar a gcéannacht agus a náisiúntacht. De ghnáth, bíonn an fhianaise sin i bhfoirm pas bhailí reatha agus féadfaidh sé go mbeidh doiciméid tacaíochta bhunaidh eile san áireamh, amhail pas arna theachtadh roimhe sin nó pas atá as dáta, agus deimhniú breithe. I gcorr-imthosca, i gcás nach féidir le hiarratasóir a bpas reatha, nó pas roimhe sin, deimhniú breithe nó doiciméid tacaíochta eile, a thabhairt ar aird, ceanglófar ar an iarratasóir míniú iomlán a chur ar fáil. Más féidir, is ceart fianaise shásúil go bhfuil iarracht déanta acu na doiciméid agus an comhfhreagras sin a fháil ó na húdaráis iomchuí, nó ón ambasáid atá freagrach as pasanna agus deimhnithe breithe a eisiúint ina dtír, a bheith mar thaca leis an míniú sin, agus na cúiseanna nach féidir na doiciméid a chur ar fáil a lua go soiléir. Breithneoidh Seachadadh Seirbhíse Inimirce an míniú a thugtar agus, más deimhin leis go bhfuil cúiseanna leis nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu le fírinne, féadfaidh sé modhanna malartacha a mholadh don duine chun cuidiú lena gcéannacht agus a náisiúntacht a shuíomh.

** Mura bhfuil deimhniú breithe do linbh mionaoise agat, is ceart duit é a fháil ó na húdaráis iomchuí sa tír inar cláraíodh breith do linbh **sula** ndéanfaidh tú iarratas ar dheimhniú eadóirseachta.

**Mionnscríbhinn Bhreithe a Úsáid**

In imthosca teoranta eisceachtúla áirithe, féadfar glacadh le mionnscríbhinn bhreithe in ionad Deimhnithe Breithe i gcás inar féidir leat fianaise shásúil a thaispeáint nach bhfuil an deimhniú ar fáil agus nach féidir é a fháil. Mura bhfuil tú i seilbh do dheimhnithe breithe, nó má tá sé caillte agat, NÍ ghlacfar le mionnscríbhinn. Ní foláir duit é a fháil ó na húdaráis iomchuí sula ndéanfaidh tú iarratas.

**Nóta maidir le cruthúnais ar chónaí**

I leith tréimhsí fostaíochta/féinfhostaíochta, cuir isteach, le do thoil:

- Cóipeanna de do P60 (má tá tú fostaithe) nó Fógra Deiridh Measúnachta (má tá tú féinfhostaithe) i leith gach bliana fostaíochta seachas an bhliain reatha.
- Litir, ar pháipéar ceannteidil, ó d'fhostóir(í) reatha ina dtaispeántar d'ainm, do sheoladh agus an dáta tosaithe fostaíochta.
- Trí dhuillín pá arna bhfáil le déanaí.
- Deimhniú Imréitigh Cánach (má tá tú féinfhostaithe).

I leith tréimhsí dífhostaíochta/i mbun staidéir, cuir isteach, le do thoil:

- Litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí ina luaitear dátaí agus cineálacha na sochar a éilíodh, más infheidhme. (Níl litir sochair linbh inghlactha).
- Trí admháil arna bhfáil le déanaí ar íocaíocht ón Roinn Coimirce Sóisialaí, más infheidhme.
- Litir ó Dhochtúir ina dtaispeántar an dáta ar ar chláraigh tú den chéad uair leis an gcleachtas agus, freisin, na dátaí ar ar fhreastail tú i leith gach bliana.
- Má tá/bhí tú ag freastal ar scoil/ar choláiste/ar chúrsa ní foláir litir oifigiúil a chur isteach ina dtaispeántar an dáta ar ar chláraigh tú, tréimhsí freastail agus an dáta ar ar scoir tú de d'oideachas.

Billí teaghlaigh / fóntais, ó thrí sholáthraí éagsúla, i leith gach bliana cónaithe a mhaítear
m.sh. gás, leictreachas, teileafón, teilifís nó árachas sláinte, etc.

Ráitis bhainc ar feadh trí mhí i leith gach bliana cónaithe a mhaítear
Is ceart idirbhearta ó lá go lá m.sh. idirbhearta léasair in ollmhargaí, etc., a bheith mionsonraithe iontu. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhfuil ráitis bhainc nach mionsonraítear iontu ach dírdhochair, siopadóireacht ar líne, etc., inghlactha.

Comhaontú/ráiteas morgáiste nó comhaontú tionóntachta.
Tabhair do d'aire, le do thoil, má tá comhaontú tionóntachta á chur isteach agat, ní foláir litir ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC) a bheith ag gabháil leis.

## Cóip dheimhnithe den phas

Deimhnímse ______ is

*(Cuir tic leis an rogha chuí)*

- [ ] **Aturnae**
- [ ] **Coimisinéir Mionnaí**
- [ ] **Feidhmeannach Síochána**
- [ ] **Nótaire Poiblí**

**go bhfuil an chóip dhaite atá i gceangal leis seo d'uimhir phas**

______

**ina cóip dhílis den doiciméad bunaidh**

**Síniú** ______

**Dáta** L L / M M / B B B B

*Stampa an deimhnitheora*